2024/2600

8.10.2024

# PRÓTACAL BREISE A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR COMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA AGUS RÍOCHT NA hIORUA

TÁ AN tAONTAS EORPACH

agus

RÍOCHT NA hIORUA

AG FÉACHAINT don Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua a síníodh an 14 Bealtaine 1973, dá ngairtear an 'Comhaontú' anseo feasta, agus do na socruithe atá ann le haghaidh trádála in iasc agus i dtáirgí iascaigh idir an Iorua agus an Comhphobal,

AG FÉACHAINT don Phrótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua maidir le forálacha speisialta is infheidhme le haghaidh na tréimhse 2014-2021 maidir le hallmhairiú éisc agus táirgí iascaigh áirithe isteach san Aontas, agus go háirithe Airteagal 1 de,

TAR ÉIS A CHINNEADH AN PRÓTACAL SEO A THABHAIRT I gCRÍCH:

## *AIRTEAGAL 1*

1. Leagtar síos sa Phrótacal seo agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis na forálacha speisialta is infheidhme maidir le hallmhairiú éisc agus táirgí iascaigh áirithe de thionscnamh na hIorua isteach san Aontas Eorpach.

2. Leagtar amach na taraif-chuótaí bliantúla saor ó dhleacht san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo. Cumhdóidh na cuótaí sin an tréimhse ón 1 Bealtaine 2021 go dtí an 30 Aibreán 2028. Déanfar athbhreithniú ar leibhéil na gcuótaí faoi dheireadh na tréimhse agus na leasanna ábhartha uile á gcur san áireamh.

## *AIRTEAGAL 2*

1. Cuirfear tús leis na taraif-chuótaí an lá a bheidh éifeacht le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, de réir na nósanna imeachta a leagtar síos i mír 3 d'Airteagal 5.

2. Beidh an chéad taraif-chuóta ar fáil ó dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo go dtí an 30 Aibreán 2024. Ón 1 Bealtaine 2024 ar aghaidh, leithdháilfear taraif-chuótaí ina dhiaidh sin go bliantúil ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Aibreán go dtí deireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1 den Phrótacal seo.

3. Maidir le méideanna na dtaraif-chuótaí lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Bealtaine 2021 go dtí go gcuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm go sealadach, déanfar iad a leithdháileadh go comhréireach agus a chur ar fáil don chuid eile den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1 den Phrótacal seo.

4. I gcás nach n-ídeofar na taraif-chuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1 le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1, agus i gcás nach gcuirfear i bhfeidhm go sealadach prótacal ina dhiaidh sin lena leagtar síos taraif-chuótaí saor ó dhleacht le haghaidh na dtáirgí céanna, féadfar allmhairí ón Iorua a dhéanamh le haghaidh an mhéid cuótaí comhiomlánaithe atá fágtha de na taraif-chuótaí sin go ceann suas le 2 bhliain tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1, ach ní féidir é a dhéanamh níos faide ná cur i bhfeidhm sealadach prótacail ina dhiaidh sin lena leagtar síos taraif-chuótaí saor ó dhleacht i gcás na dtáirgí céanna.

## *Airteagal 3*

1. Déanfaidh an Iorua na bearta is gá chun a áirithiú go leanfar den socrú lena gceadaítear saor-idirthuras éisc agus táirgí iascaigh a thugtar i dtír san Iorua ó shoithí a bhfuil bratach Ballstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu.

2. Beidh feidhm ag an socrú ar feadh suas le 2 bhliain tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1, ach ní bheidh sé níos faide ná cur i bhfeidhm sealadach prótacail ina dhiaidh sin.

## *Airteagal 4*

Is iad na rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir leis na taraif-chuótaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo na rialacha a leagtar amach i bPrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua a síníodh an 14 Bealtaine 1973.

## *AIRTEAGAL 5*

1. Déanfaidh na Páirtithe an Prótacal seo a dhaingniú nó a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin nó formheasa le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

2. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis an ionstraim daingniúcháin nó formheasa deiridh a thaisceadh.

3. Go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, cuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón gcéad lá den tríú mí tar éis thaisceadh an fhógra dheireanaigh chuige sin.

*AIRTEAGAL 6*

Déanfar an Prótacal seo, arna tharraingt suas i scríbhinn bhunaidh amháin a Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus san Ioruais, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin., a thaisceadh le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus cuirfidh sí cóip dheimhnithe chuig gach ceann de na Páirtithe.

Съставено в Брюксел на дванадесети септември две хиляди двадесет и четвърта година.

Hecho en Bruselas, el doce de septiembre de dos mil veinticuatro.

V Bruselu dne dvanáctého září dva tisíce dvacet čtyři.

Udfærdiget i Bruxelles den tolvte september to tusind og fireogtyve.

Geschehen zu Brüssel am zwölften September zweitausendvierundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne neljanda aasta septembrikuu kaheteistkümnendal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δώδεκα Σεπτεμβρίου δύο χιλιάδες είκοσι τέσσερα.

Done at Brussels on the twelfth day of September in the year two thousand and twenty four.

Fait à Bruxelles, le douze septembre deux mille vingt-quatre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an dóú lá déag de Mheán Fómhair sa bhliain dhá mhíle fiche a ceathair.

Sastavljeno u Bruxellesu dvanaestog rujna godine dvije tisuće dvadeset četvrte.

Fatto a Bruxelles, addì dodici settembre duemilaventiquattro.

Briselē, divi tūkstoši divdesmit ceturtā gada divpadsmitajā septembrī.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt ketvirtų metų rugsėjo dvyliktą dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezer-huszonnegyedik év szeptember havának tizenkettedik napján.

Magħmul fi Brussell, fit-tnax-il jum ta' Settembru fis-sena elfejn u erbgħa u għoxrin.

Gedaan te Brussel, twaalf september tweeduizend vierentwintig.

Sporządzono w Brukseli dnia dwunastego września roku dwa tysiące dwudziestego czwartego.

Feito em Bruxelas, em doze de setembro de dois mil e vinte e quatro.

Întocmit la Bruxelles la doisprezece septembrie două mii douăzeci și patru.

V Bruseli dvanásteho septembra dvetisícdvadsaťštyri.


V Bruslju, dvanajstega septembra dva tisoč štiriindvajset.

Tehty Brysselissä kahdentenatoista päivänä syyskuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäneljä.

Som skedde i Bryssel den tolfte september år tjugohundratjugofyra.

Utferdiget i Brussel den tolvte september to tusen og tjuefire.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen



For Kongeriket Norge



*IARSCRÍBHINN*

## FORÁLACHA SPEISIALTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1 DEN PHRÓTACAL

De bhreis ar na taraif-chuótaí buana saor ó dhleacht atá ann cheana, osclóidh an tAontas Eorpach na taraif-chuótaí bliantúla saor ó dhleacht seo a leanas le haghaidh táirgí de thionscnamh na hIorua:

| Cód AC | Tuairisc ar tháirgí | Méid bliantúil an taraif-chuóta (1.5-30.4) ina ghlanmheáchan mura sonraítear a mhalairt ([1]) |
|---|---|---|
| 0303 51 00 | Scadáin reoite '*Clupea harengus, Clupea pallasii*' ([2]) | 25 000 tona |
| 0303 55 90 | Bolmáin reoite '*Trachurus* spp.' (seachas bolmán an atlantaigh agus bolmán sileach) | 5 000 tona |
| 0303 59 90 | Ronnaigh Indiacha reoite '*Rastrelliger* spp.', ronnaigh '*Scomberomorus* spp.', bolmáin crevalle '*Caranx* spp.', poimfréid airgid '*Pampus* spp.', preabaire an tAigéan Ciúin '*Cololabis saira*', gabhair '*Decapterus* spp.', caibealláin '*Mallotus villosus*', boiníotónna '*Sarda* spp.', mairlíní, colgáin na ndealg agus gaithéisc '*Istiophoridae*' | |
| 0303 69 90 | Éisc reoite de na finte Bregmacerotidae, Euclichthyidae, Gadidae, Macrouridae, Melanonidae, Merlucciidae, Moridae agus Muraenolepididae (seachas troisc, cadóga, glasáin, colmóirí agus mangaigh alascacha, faoitíní gorma, *Boreogadus saida*, faoitíní, mangaigh, gránadóirí gorma agus langaí) | |
| 0303 82 00 | Roic reoite 'Rajidae' | |
| 0303 89 90 | Éisc reoite, nach bhfuil sonraithe aon áit eile. | |
| 0304 86 00 | Filléid reoite scadán '*Clupea harengus, Clupea pallasii*' | 65 000 tona |
| 0304 99 23 | Flapaí reoite agus feoil 'bídís mionaithe nó ná bíodh' scadán '*Clupea harengus, Clupea pallasii*' | |
| ex 0304 49 90 | Filléid úra nó fhuaraithe scadán | |
| 0304 59 50 | Flapaí úra nó fuaraithe scadán | |
| 0309 10 00 | Plúir, min agus millíní éisc, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine | 1 000 tona |
| 1604 12 91<br>1604 12 99 | Scadáin, spíosraithe agus/nó fínéagarleasaithe, faoi sháile | 28 000 tona glanmheáchan draenáilte |
| 1605 21 10<br>1605 21 90<br>1605 29 00 | Séaclaí agus cloicheáin, scafa agus reoite, ullmhaithe nó leasaithe | 7 000 tona |
| 1604 11 00 | Bradán ullmhaithe nó leasaithe, iomlán nó i bpíosaí, ach gan a bheith mionaithe | 1 250 tona |
| 0305 41 00 | Bradán deataithe, lena n-áirítear filléid éisc, seachas scairteach feola inite | 2 500 tona |

([1]) Cuirfear cainníochtaí leis i gcomhréir le hAirteagal 2 mír 3 den Phrótacal seo.
([2]) Ní dheonófar tairbhe an taraife-chuóta d'earraí arna ndearbhú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht le linn na tréimhse ón 15 Feabhra go dtí an 15 Meitheamh.

| Cód AC | Tuairisc ar tháirgí | Méid bliantúil an taraif-chuóta (1.5-30.4) ina ghlanmheáchan mura sonraítear a mhalairt ([3]) |
|---|---|---|
| 0306 16 99<br>0306 17 93 | Séaclaí reoite Pandalidae | 1 000 tona |
| 0302 19 00<br>0302 22 00<br>0302 43 90<br>0302 59 20<br>0302 59 30<br>0302 81 15<br>0302 89 31<br>0302 91 00<br>0302 99 00 | Iasc úr nó fuaraithe | 5 100 tona |
| 0303 19 00<br>0303 53 90<br>0303 89 31<br>0303 89 39<br>0303 91 90<br>0303 99 00 | Éisc reoite | 6 850 tona |
| 0304 52 00<br>0304 73 00<br>0304 99 21<br>0304 99 99 | Filléid éisc úra, fhuaraithe nó reoite | 3 600 tona |

([3]) Cuirfear cainníochtaí leis i gcomhréir le hAirteagal 2 mír 3 den Phrótacal seo.